C/2026/3202

12.6.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3202)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Banski kestenov med'

Uimh. AE: PDO-HR-03402 — 13.1.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Banski kestenov med'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC X TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Chróit

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL AICEANTA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0409 - Mil aiceanta

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is mil é 'Banski kestenov med' a tháirgeann coilíneachtaí beach mheala Carniola (*Apis mellifera carnica* Pollmann,1879) as neachtar an chastáin (*Castanea sativa* Mill.) ó réigiún Banovina.

Saintréithe meileasapailineolaíocha

Chomh maith le pailin ón gcastán (*Castanea sativa*), d'fhéadfadh pailin ó na speicis plandaí seo a leanas a thugann neachtar a bheith i speictream pailine 'Banski kestenov med' freisin: an draighean fearna (*Frangula alnus*), an tor plúirín bréige (*Amorpha fruticosa*), an chonbhaiscne choiteann (*Cornus sanguinea*), crainn teile (*Tilia* spp.), speicis fhine na nóiníní (*Asteraceae*), crainn torthaí foraoise (*Prunus* spp.), an crann lócaiste (*Robinia pseudoacacia*), mailpeanna (*Acer* spp.), an crobh éin (*Lotus corniculatus*) agus, i gcionmhaireachtaí níos lú, pailin ó speicis plandaí eile. D'fhéadfadh pailin ó na speicis plandaí seo a leanas nach dtugann neachtar a bheith sa speictream pailine freisin: crainn

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

fuinseoige (*Fraxinus* spp.), an garbhfhéar (*Dactylis glomerata*), speicis fhine an fhéir (*Poaceae*), plantáin (*Plantago* spp.), grán buí (*Zea mays*) agus copóga agus samhaidh (*Rumex* spp.). Nuair a dhéantar cion na pailine ó speicis plandaí nach dtugann neachtar a eisiamh ón áireamh pailine iomlán, ní mór sciar na pailine ón gcastán (*Castanea sativa*) in 'Banski kestenov med' laistigh den chion atá fágtha den phailin ó speicis plandaí a thugann neachtar, ní mór é a bheith 85 % ar a laghad.

Tréithe orgánaileipteacha

Tá na saintréithe orgánaileipteacha seo a leanas ag 'Banski kestenov med':

— Cuma

Dath – idir ómra éadrom agus ómra.

Glaine – glan.

Criostalú – mall.

— Boladh – idir boladh measartha dian agus an-dian de bhláthanna castáin, cairtchlár fliuch agus duilleoga gallchnó brúite.

— Blas – milseacht agus seirbhe atá beagán suntasach agus searbhas idir measartha agus suntasach.

— Dea-bholadh – idir dea-bholadh measartha marthanach agus an-mharthanach de shiúcra dóite, síoróip shiúcra, deatach agus mormónta.

Paraiméadair fhisiceimiceacha

Cion uisce: nach mó ná 18,0 %.

Seoltacht leictreach: nach lú ná 0,80 mS/cm.

Cion hiodrocsaimeitiolfúrfúrail (HMF): nach mó ná 15 mg/kg de mhil.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Toirmisctear coilíneachtaí beach a bheathú agus na beacha ar thóir foráiste ar bhláthanna castáin. Ceadaítear beathú, áfach, chun forbairt coilíneachtaí beach a spreagadh go luath san earrach agus le linn na tréimhse nuair nach mbíonn na beacha ar thóir foráiste. Ní mór beathú a chur i gcrích 14 lá ar a laghad sula dtéann na beacha ar thóir foráiste ar bhláthanna castáin. Ceadaítear beathú ag deireadh an tsamhraidh agus go luath san fhómhar freisin chun a chinntiú go mbeidh dóthain soláthairtí bia ag na beacha le haghaidh an gheimhridh. Ceadaítear síoróip shiúcra agus/nó cácaí siúcra agus meala mar bheatha. Féadfar an bheatha a tháirgeadh as siúcra boird de thionscnamh lasmuigh den limistéar geografach sainithe. Ní fhéadfaidh an cion ábhair thirim a thagann ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe a bheith níos mó ná 50 % den ábhar tirim iomlán a itheann na coilíneachtaí beach i gcaitheamh na bliana. Baineann an t-ábhar tirim iarmharach le mil a tháirgeann coilíneachtaí beach as an neachtar bailithe agus/nó drúchtín meala de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe. Leagadh amach an tráthchlár maidir le coilíneachtaí beach a bheathú chun a áirithiú nach mbeidh tionchar ag an mbeatha ar cháilíocht 'Banski kestenov med' ná ar a nasc leis an limistéar geografach.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim i dtáirgeadh 'Banski kestenov med' (sealgaireacht agus eastóscadh) a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun cáilíocht agus inrianaitheacht na meala a áirithiú, ní mór í a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe. Agus an mhil á hiompar, d'fhéadfadh teochtaí mí-oiriúnacha (arda) paraiméadair fhisiciceimiceacha agus saintréithe orgánaileipteacha 'Banski kestenov med' a athrú nó d'fhéadfaidís an mhil a nochtadh do bholaithe coimhthíocha neamh-inmhianaithe nó do thaise ón aer.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Nuair a chuirtear ar an margadh iad, ní mór lógó 'Banski kestenov med' a bheith ar gach réamhphacáistíocht. Mar aon leis an lógó, ní mór ainm an táirgeora a léiriú ar an réamhphacáistíocht freisin. Chomh maith leis an méid thuas, ní mór stampa ar a bhfuil uimhir aitheantais a bheith ar gach earra réamhphacáistíochta. Úsáideoirí uile an lipéid a chuireann táirge ar an margadh i gcomhréir le sonraíocht an táirge sin, tá sé de cheart acu úsáid a bhaint as an stampa agus lógó 'Banski kestenov med' faoi na coinníollacha céanna.

Ar léiriú grafach an chomhartha tá lógó dubh ar a bhfuil cúlra trédhearcach. Ar an lógó tá ciorcal dubh, ina bhfuil liach mheala adhmaid stílithe a bhfuil cruth bíseach air agus claíomh stílithe an Chunta Josip Jelačić. Forluíonn na siombailí sin ar a chéile, rud a fhágann go bhfuil siad dlúth ó thaobh amhairc de. Faoin gciorcal tá na focail 'BANSKI KESTENOV MED' i gcló dubh Cinzel, agus tá na focail 'BANSKI' i gcló trom chun an nasc críochach le Banovina agus cunta réamhluaite na Cróite a chur i dtábhacht a thuilleadh. Ní féidir an lógó agus an téacs ina n-iomláine a bheith níos lú ná 50 x 40 mm.

Fíor 1

Lógó 'Banski kestenov med'



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar geografach táirgthe 'Banski kestenov med' réigiún Banovina, lena n-áirítear bailte (Petrinja, Glina, Hrvatska Kostajnica) agus bardais (Sunja, Majur, Donji Kukuruzari, Hrvatska Dubica, Dvor, Topusko, Gvozd).

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Is réigiún é Banovina atá ina chuid de Chontae Sisak-Moslavina. Tá sé suite ar imeall an Imchuach Phanónaigh, idir Abhainn Sava agus stráicí íochtaracha Aibhneacha Una, Kupa agus Glina. Tá bunchnoic dhroimneacha ann, lena n-áirítear sliabh Zrinska Gora, ó dheas agus abhantrach Abhainn Sava agus a craobh-aibhneacha ó thuaidh agus soir ó thuaidh. Tá gréasán de ghleannta roinnt mhaith sruthchúrsaí beaga ar fud an réigiúin. Tá cuid mhór dá achar dromchla faoi fhoraois, go háirithe timpeall Dvor agus Hrvatska Kostajnica. Léirítear sainiúlacht an limistéir gheografaigh shainithe freisin sa mhéid gur saintréithe d'fhormhór an réigiúin iad an fásra a dtugtar aire mhaith dó, an daonra beag, an talmhaíocht fhairsing agus stráicí móra talún nach bhfuil an earnáil tionsclaíochta ná oibreoirí móra eacnamaíocha iontu, rud a imríonn tionchar ar chaomhnú an chomhshaoil ar deireadh agus ar réamhriachtanas tábhachtach é chun an bheachaireacht a fhorbairt. I gclampaí castáin i réigiún Banovina, is é lúvasal domhain an cineál ithreach is minice a fhaightear, ag a mbíonn luachanna pH idir 4,77 agus 6,57.

I mór-roinn na Cróite, is i bhforaoisí measctha nó íona is minice a fhaightear an castán. As an achar dromchla iomlán, tá 7 324,88 ha nó 48,8 % de na clampaí castáin le fáil i gContae Sisak-Moslavina, áit a bhfuil limistéar geografach táirgthe 'Banski kestenov med' suite. In Banovina, ag brath ar an micreacheantar, tosaíonn na castáin ag bláthú thart ar an 5 Meitheamh; bláthaíonn siad ar dtús timpeall Budučina, ar an talamh a bhfuil a haghaidh soir ó thuaidh, agus bláthaíonn siad den uair dheireanach ag Šamarica thart ar an 27 Iúil. Bláthaíonn crainn áirithe ar feadh thart ar 10 lá. Is suntasach iad na logainmneacha a bhaineann leis an mbeachaireacht toisc gur minic a léiríonn siad limistéar ina raibh saibhreas plandaí milmheara tráth nó ina raibh coilíneachtaí beach lonnaithe tráth. Is féidir le logainmneacha a bheith ina léiriú freisin ar chleachtais bheachaireachta thraidisiúnta a saothraíodh i limistéar ar leith nó ar roinnt gnéithe eile a bhaineann leis an mbeachaireacht. As measc na logainmneacha ar díol spéise iad maidir leis an mbeachaireacht agus táirgeadh meala in Banovina, is cinnte gur cheart Hrvatska Kostajnica a lua. Tugann an t-ainm 'Kostajnica' le fios gur ón bhfocal 'kostanj' (castán). a thagann sé. Tacaíocht leis an méid sin is ea na clampaí móra castáin ar na cnoic ar an dá thaobh d'Abhainn Una.

Sainiúlacht an táirge

Seachas saintréithe ithreach agus comhdhéanamh bláthach, bíonn tionchar suntasach ag dálaí aeráide ar shainiúlacht 'Banski kestenov med' freisin. Ar bhonn anailísí meileasapailineolaíocha, cinneadh na speicis plandaí milmheara óna mbailíonn na beacha neachtar, rud a chruthaíonn an nasc idir an mhil agus an limistéar geografach sainithe agus difríochtaí i gcomparáid le mil castáin ó limistéir gheografacha eile. I gcuid mhór de na samplaí a scrúdaíodh, thángthas ar phailin ón draighean fearna (*Frangula alnus*), an tor plúirín bréige (*Amorpha fruticosa*), an chonbhaiscne choiteann (*Cornus sanguinea*), crainn teile (*Tilia* spp.), speicis fhine na nóiníní (*Asteraceae*), crainn torthaí foraoise (*Prunus* spp.), an crann lócaiste (*Robinia pseudoacacia*), mailpeanna (*Acer* spp.) agus an crobh éin (*Lotus corniculatus*).

Cé is moite de thionscnamh luibheolaíoch na samplaí, tástáladh a seoltacht leictreach freisin. Cinneadh luachanna táscaire idir 0,84 mS/cm agus 1,80 mS/cm, agus is meánluach 1,24 mS/cm a bhí ann. Nuair a rinneadh comparáid idir an mhil castáin agus mil castáin ó réigiúin eile, ba léir go raibh raon na luachanna seoltachta leictrí sna réigiúin eile sin i bhfad níos leithne, idir 1,05 mS/cm agus chomh hard le 2,25 mS/cm fiú, agus meánluach 1,61 mS/cm ann. Seachas neachtar, is féidir drúchtín meala – arna tháirgeadh ag aifidí agus feithidí gainneacha – a fháil i gclampaí castáin freisin. Is dócha go bhfuil meánluachanna seoltachta leictrí arda ann mar thoradh ar chion an drúchtín meala sna samplaí meala a tástáladh ó na réigiúin eile. Go deimhin, bíonn tionchar indíreach ag láithreacht drúchtín meala ar chuma na meala, i.e. a dath, atá níos dorcha ná samplaí meala ó Banovina. Bhí dath fhormhór na samplaí de 'Banski kestenov med' idir ómra éadrom agus ómra, áfach, agus bhí an boladh agus an searbhas ag na samplaí is saintréithe do phróifíl orgánaileipteach na meala castáin, chomh maith le raon tipiciúil luachanna seoltachta leictrí, ar nithe iad sin uile a chuireann a sainiúlacht i dtábhacht.

Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge

Is táirge é 'Banski kestenov med' a bhfuil naisc láidre aige leis an limistéar as a dtagann sé. Faigheann sé a shaintréithe sonracha ón limistéar geografach, ina bhfuil foraoisí nádúrtha ina bhfuil cion ard castán (*Castanea sativa*), arb é an limistéar is mó den sórt sin sa Chróit é. Bláthaíonn na clampaí castáin ag eatraimh ama éagsúla, ag brath ar na gnáthóga ina bhfaightear iad laistigh den limistéar geografach táirgthe. Dá bhrí sin, maireann an tóraíocht ar fhoráiste ar feadh níos mó ná mí, mar gheall ar éagsúlachtaí airde agus treoíochta. Ina theannta sin, bíonn tionchar suntasach ag saintréithe peideolaíocha na hithreach agus ag dálaí aimsire ar an méid neachtair a tháltar. Cruthaíonn ithreacha aigéadacha na dálaí fáis is fearr le haghaidh an chastáin, rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar bhláthú agus, dá réir sin, ar an méid neachtair a tháltar. Trí uisce agus substaintí mianracha a thógáil ón ithir, déanann an planda iad a ionchorprú i sú, arb é an t-amhábhar as a ndéantar neachtar é; dá bhrí sin, bíonn tionchar aige sin ar cháilíocht an táirge deiridh – mil. Seachas an cineál ithreach, bíonn tionchar ag dálaí aimsire freisin ar thál neachtair an chastáin, go háirithe frasaíocht a dháiltear go cothrom i réigiún Banovina le linn an tséasúir fáis, ach le linn na tréimhse bláthaithe go mór mór. Go deimhin, leis na tréimhsí gréine agus ceathanna gearra gach re seal ann le linn thréimhse bhláthaithe an chastáin, méadaítear bogthaise choibhneasta an aeir, rud a mbíonn tionchar dearfach aige freisin ar thál an neachtair. Tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní toraíochta ar fhoráiste, is féidir 'Banski kestenov med' d'ardcháilíocht a tháirgeadh. Léirítear é sin freisin le próifíl orgánaileipteach shainiúil, paraiméadair fhisiceimiceacha agus speictream pailine sonrach na meala i.e. pailin ón draighean fearna (*Frangula alnus*) agus ón tor plúirín bréige (*Amorpha fruticosa*) a bheith ann mar speicis plandaí choimhdeachtacha, rud a idirdhealaíonn 'Banski kestenov med' ó mhil castáin ó na réigiúin eile inar féidir iad a tháirgeadh.

Chomh maith le tosca rilífe agus aeráide, chuir clampaí móra castáin, ar príomhacmhainn bhláthach iad sa limistéar geografach sainithe, le cineál sainiúil beachaireachta a bhunú. Le scileanna agus eolas na mbeachairí in Banovina, i dtéarmaí idirghabhálacha teicneolaíochta tráthúla a thuiscint agus a chur i bhfeidhm maidir le coilíneachtaí beach agus ullmhú na meala le haghaidh an mhargaidh, ráthaítear go dtáirgtear 'Banski kestenov med' ardcháilíochta. Is léir eolas agus taithí na mbeachairí san aird ar leith a thugann siad ar shuíomhanna iomchuí a roghnú le haghaidh beachlann i bhfianaise na topagrafaíochta. Trí shuíomhanna a roghnú a bhfuil a n-aghaidh ó dheas agus soir ó dheas, a bhfuil foscadh acu ón ngaoth agus atá grianmhar go leor, áirithítear go bhforbraítear coilíneachtaí beach ar an mbealach is fearr is féidir. Coilíneachtaí a fhorbraíonn faoi dhálaí den sórt sin, baineann siad leibhéal leordhóthanach gníomhaíochta comhchoitinne amach, rud a léirítear ar deireadh in ionghabháil neachtair. Trí fhaireachán agus faireachas rialta a dhéanamh ar bhláthú agus ar ionghabháil neachtair, is féidir eastóscadh tráthúil a dhéanamh, arb é ceann de na príomhthosca i dtáirgeadh meala ardcháilíochta é a dhéanann idirdhealú idir mil ón réigiún seo agus an mhil castáin a tháirgtear i réigiúin eile. Go sonrach, mar thoradh ar bhlianta fada de bheith ag breathnú ar bhláthú an chastáin, tá beachairí áitiúla in ann a chinneadh cathain a thosaíonn an castán ar bhláthú agus dá bhrí sin, cuireann siad coilíneachtaí beach ag suíomhanna roghnaithe go tráthúil chun leas a bhaint as ionghabháil neachtair castáin agus, ar an gcaoi sin, an aonbhláthacht is mó is féidir a bhaint amach, rud a léirítear i saintréithe orgánaileipteacha tipiciúla na meala, dá réir sin. Tá cion íseal uisce agus hiodrocsaimeitiolfúrfúrail (HMF) in 'Banski kestenov med'. Léiríonn an cion uisce sin go n-eastóscann na beacha uisce i gceart le linn aibiú na meala agus go ndéanann na beachairí an mhil a eastóscadh ag an am ceart, rud a imríonn tionchar breise ar cháilíocht na meala. Deimhnítear le mil ina bhfuil cion íseal HMF go bhfuil sí úr agus nár téadh chuig teochtaí os cionn 40 °C í, rud a áirithíonn go gcaomhnaítear a comhpháirteanna luachmhara. Díríonn beachairí áitiúla ar cháilíocht a chaomhnú trí eolas agus taithí a fháil, agus dá bhrí sin, bíonn tionchar díreach ag an méid sin ar chomhdhéanamh ceimiceach 'Banski kestenov med'.

Le measc an de na tosca thuas, lena n-áirítear cion ard na bhforaoisí castáin i réigiún Banovina, timpeallacht chosanta agus miocraeráid fhabhrach an réigiúin, traidisiúin bheachaireachta agus scileanna agus eolas na mbeachairí áitiúla, déantar difear díreach do shaintréithe sonracha 'Banski kestenov med'.

Tá sainiúlacht 'Banski kestenov med' bunaithe ar thraidisiún seanbhunaithe beachaireachta, agus mar thoradh air sin, neartaítear an nasc leis an limistéar geografach sainithe freisin le tosca stairiúla, traidisiúnta agus cultúrtha. Go deimhin, an chéad doiciméad i scríbhinn ina luaitear an mhil (agus dá réir sin, an bheachaireacht in Banovina freisin) téann sé siar chomh luath leis an mbliain 1211 agus déantar tagairt ann don cheart a bhí ag eaglais chlochair an mhil a úsáid. B'fhéidir gurbh é an beachaire Milan Krizman an rannpháirtí ba thábhachtaí i gcur chun cinn na beachaireachta in Petrinja. Chuir sé an bheachaireacht chun cinn agus ba nuálaí é a thóg coirceog beach nua-aimseartha ar a dtugtar 'krizmanka'. Ba é Cumann Beachaireachta Petrinja, a bunaíodh in 1952, an chéad chumann beachairí i réigiún Banovina agus tá sé ar cheann de na cumainn sin atá fós ag feidhmiú sa lá atá inniu ann.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zoi-zozp-zts/Specifikacija_Banski_kestenov_med_kolovoz_2025.pdf